CEOL AN AIFRINN

Aidbhint 2022

Féachaigí Soir

(Iomann nua d'Aidbhint

Féachaigí soir is réitigí slí,
Bígí ullamh don leanbh Íosa,
A tháinig chugainn le síocháin Chríost a
Scaipeadh i gcroí a mhuintir.
A Aoirí's a ríthe umhlaigí dó.
Glóir do Dhia sna harda,
Coimeádaigí te É a asail 's a bhó,
Fáilte roimh Rí na Glóire!

Féachaigí soir is réitigí slí,
Le muinín as an leanbh Íosa,
A chuir an ruaig ar an mbás is an oích' Ná
caillimis dóchas choíche.
Go stuama, seasamhach creidimid ann
Le cabhair an Spioraid Naofa
Le buíochas as ár mbeannachtaí
Fáilte romhat a Íosa!

Alleluia: Alleluia, Alleluia, Alleluia

B'Íosa im Chroíse

Bí 'Íosa im chroíse 's im chuimhne gach uair.
Bí 'Íosa im chroíse le haithrí go luath'
Bí 'Íosa im chroíse le dúthracht go buan,
'S a Íosa, 'Dhia dhílis, ná scar choíche uaim.

Bí, 'Íosa, go síoraí im chroí is im bhéal,
Bí, 'Íosa, go síoraí im thuiscint 's im mhéin,
Bí, 'Íosa, go síoraí im mheabhair mar léann,
'S a Íosa, 'Dhia dhílis, ná fág mé liom féin.

Nuair a chruthaigh Dia an saol

Nuair a chruthaigh Dia an saol,
Thogh sé tú a Mhaighdean dhíl.
Thogh sé tú mar Mháthair a Mhic,
Muire Mháthair lán de ghrást.
Ave Ave Ave Maria.

Nuair a shaothraigh Críost an bás,
Ar ár son ar Chalvaire.
Bhí tú ansin in aice leis,
Muire Mháthair lán de ghrást.
Ave Ave Ave Maria.

Sinne do pháistí, sinne do chlann,
Bheir muid duit-se grá agus gean.
Treoraigh sinn 's ná lig sinn ar fán,
Muire Mháthair lán de ghrást.
Ave Ave Ave Maria.

Máiréad Ní Phleamonn
20ú Samhain

Tar Chugainn, Tar Imeánúéil

Cúrfa:
Déan gáirdeachas, a Iosráél, mar béarfar duit Imeánúéil.

Tar chugainn, tar 'Imeánúéil,
A's scaoil ó ghéibheann Iosráél
Atá ar díbirt chásmhar ag caoi
Go bhfoilseofar Mac Dé arís.

Tar chugainn, a Réalt na maidine tar
Tabhair sólás dúinn a's tú ag teacht
Ó! Díbir oíche is néalta dubha
A's uafás ciar na hoíche uainn.

Suantraí na Maighdine

Adhraim mo leanbh beag tagtha chun saoil;
Codail a linbh go sámh.
Adhraim a laige's a loime nocht fhaon;
Codail a linbh go sámh.
Inis a ghrá liom id luí sa mhainséar,
Inis cén fáth duit bheith sínte sa bhféar.
Is tú coimhde na ngrásta,'gus íosa Mac Dé;
Codail a linbh go sámh.
A Mhuire, a mháthair 's a bhuime mhín shéimh;
Codail a linbh go sámh.
Is mé coimhde na ngrásta 'gus Íosa Mac Dé;
Codail a linbh go sámh.
Ach go beo-bhocht a tháinig le mian ar an saol,
Chun deoraithe fánacha a shaoradh ón éag,'
S nuair chrochfar in airde mé leigheasfar a bpian;
Codail a linbh go sámh.
(athuair) Codail a linbh go sámh.

Adeste Fideles

Adeste Fideles laeti triumphantes,
Veníte, veníte in Bethlehem.
Natum vidéte, Regem Angelorum:
Veníte adoremus, Veníte adoremus
Veníte adoremus Dóminum.

Deum de Deo, lumen de lúmine,
gestant puellae viscera.
Deum verum, genitum non factum:
Veníte adoremus, Veníte adoremus
Veníte adoramus Dóminum.